Coimisiún na Meán

# TREOIR THÁSCACH AR AIGHNEACHTAÍ

## SOLÁTHAR

## SEIRBHÍS CRAOLACHÁIN FUAIME ÁITIÚIL

## DE BHUN ALT 65(8) DEN ACHT CRAOLACHÁIN, 2009

## DO

# LIMISTÉAR AN tSAINCHEADÚNAIS

Coimeádann Coimisiún na Meán ("an Coimisiún") an ceart aige féin aon chuid den *Treoir Tháscach ar Aighneachtaí chun Seirbhís Craolacháin Fuaime Pobail a Sholáthar de bhun Alt 65(8) den Acht Craolacháin 2009 arna leasú* (*"Treoir*") a cheartú nó a shoiléiriú.

Cuirfear aon cheartuithe, soiléirithe nó faisnéis bhreise den sórt sin ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.cnam.ie

**Is le haghaidh faisnéis ghinearálta amháin atá an Treoir seo. Eisíonn an Coimisiún 'Treoir ar Aighneachtaí' le haghaidh seirbhís craolacháin fuaime ar fhógraíocht seirbhís den sórt sin. Ba cheart d'iarratasóirí ionchasacha 'Treoir ar Aighneachtaí' shonrach dá leithéid a iarraidh ag an am seo.**

Ba cheart ceisteanna maidir leis an *Treoir* seo a chur trí ríomhphost chuig:

**Oisín Kelly, Deonú Conarthaí,**
**Coimisiún na Meán, 1 Áras Shíol Bhroinn, Bóthar Shíol Bhroinn, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20**
**+353 1 6441200 / licensing@cnam.ie**

Coimisiún na Meán

## Clár Ábhar

1. RÉAMHRÁ....4
2. NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH....5
3. EOLAS D'IARRATASÓIRÍ....7
3.1 Creat Reachtúil agus Beartais....7
3.2 Limistéar an tSaincheadúnais....7
3.3 Measúnú na nIarratas....7
3.4 Maitrís Scórála....10
3.5 Próiseas Cinnteoireachta....10
3.6 Bronnadh Conarthaí....10
3.7 Faisnéis Tacaíochta....10
4. FORMÁID AN IARRATAIS....12
Cuid 1 – Innéacs....12
Cuid 2 – Réamhrá an iarratasóra....12
Cuid 3 - Ballraíocht an Iarratasóra....13
Cuid 4 – Úinéireacht agus Rialú an Iarratasóra....13
Cuid 5 – Clársceidealú....16
Cuid 6 – Stiúideonna agus Oibríochtaí....19
Cuid 7 - Tograí Tarchurtha....20
Cuid 8 – Anailís Margaidh....23
Cuid 9 – Plean Airgeadais agus Gnó....24
Cuid 10 – Tús Beartaithe an Chraolacháin....26
Cuid 11 - Achoimre ar na Moltaí....26
Iarscríbhinn 1....30
Iarscríbhinn 2....31

Coimisiún na Meán

# 1. RÉAMHRÁ

Is chun críche faisnéise amháin atá an Treoir seo agus, sa chomhthéacs sin, ní thagraíonn sé d'aon chonradh craolacháin fuaime ar leith. Is Treoir tháscach é ar an bpróiseas iarratais iomaíoch chun conradh a bhronnadh le haghaidh seirbhís craolacháin fuaime áitiúil faoi Alt 65(8) den Acht Craolacháin 2009 arna leasú ("Acht 2009").

Is é is aidhm leis an Treoir tháscach seo iarratasóirí ionchasacha a chur ar an eolas faoi na riachtanais ghinearálta a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar bhronnadh conartha faoi Alt 65(8). Ní airbheartaíonn an Treoir a bheith uileghabhálach agus ba cheart d'iarratasóirí ionchasacha a chinntiú go mbíonn siad iomlán meabhrach ar riachtanais Acht 2009 agus ar na beartais éagsúla eile de chuid an Choimisiúin atá ar fáil ó oifigí an Choimisiúin nó ar a shuíomh gréasáin www.cnam.ie. Tá foireann an Choimisiúin ar fáil freisin le haghaidh comhairliúcháin.

Cuirtear tús le babhta ceadúnaithe faoi Alt 65(8) nuair a chuireann an Coimisiún fáilte roimh iarratais le haghaidh Conradh Craolacháin Fuaime ("An Conradh") tríd an méid sin a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin agus ar pháipéar a scaiptear sa limistéar saincheadúnais ábhartha. Tá an fógra ag teacht amach i gcomhthráth leis an *Treoir ar Aighneachtaí* ábhartha chun iarratas a dhéanamh don limistéar saincheadúnais ábhartha. D'fhéadfaí foirm a chur ar fáil má mheastar gur chuí an méid sin a dhéanamh.

Sna Treoracha seo, ba cheart d'iarratasóirí ionchasacha aird a thabhairt ar fhorálacha Acht 2009, go háirithe, ar *Alt 66*, lena n-áirítear ábhair nach mór don Choimisiún aird a thabhairt orthu agus iarratais á gcinneadh chun conradh craolacháin fuaime pobail a dhámhachtain, chomh maith le h*Alt 69*, a leagann amach coinníollacha conarthacha áirithe a d'fhéadfaí a fhorchur ar iarratasóir rathúil. Ba cheart go mbeadh aird ag iarratasóirí ar, inter alia, *An Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin, a Bheartas maidir le Rialú agus Úinéireacht, Beartas um Iolarthacht na Meán de chuid an Coimisiún* agus *Beartas Comhlíonta agus Forfheidhmithe* ar féidir cóipeanna díobh a fháil ar líne ag www.cnam.ie.

Tá an fhormáid chun iarratas a dhéanamh leagtha amach go soiléir sa cháipéis seo agus tá faisnéis ábhartha eile ar fáil sa Treoir d'iarratasóirí.

Is comharthaí iad na hAilt den Treoir seo den chineál eolais, agus d'fhormáid na faisnéise a mbítear ar a lorg le linn próiseas iarratais iomaíoch.

Coimisiún na Meán

## 2. NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH

Leagann an t-alt seo amach na nósanna imeachta chun aighneacht a dhéanamh de bhun Alt 65(8) lena n-áirítear:

- An fhormáid ar chóir cloí léi don iarratas, lena n-áirítear an struchtúr, an chló-aghaidh, an leagan amach agus an stíl.
- Líon na gcóipeanna den iarratas atá le cur isteach.
- An chaoi le Faisnéis Rúnda a chur isteach agus sonraí maidir le hoibleagáidí an Choimisiúin i dtaca le nochtadh faisnéise. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh an chuid seo a leithéid seo a leanas d'ábhar:
  - Ní mór aon fhaisnéis a mheasann iarratasóir a bheith faoi rún a chur i láthair in iarscríbhinn leis an iarratas; ba cheart an iarscríbhinn a mharcáil "faoi rún".
  - Ní mór cúiseanna an iarratasóra chun a chreidiúint nár cheart go mbeadh rochtain ag an bpobal ar an ábhar atá i gceist a leagan amach i litir chlúdaigh ar leith.
  - Sa chás go gcreideann an Coimisiún gur cheart ábhar a chuir iarratasóir in iarscríbhinn faoi rún a chur ar fáil lena n-iniúchadh, rachaidh sé i mbun plé leis an iarratasóir d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le méid an nochta. Murar féidir teacht ar chomhaontú, laistigh de thréimhse ama réasúnta maidir le hachar ama an Coimisiún, caithfidh an Coimisiún leis an bhfaisnéis ábhartha mar fhaisnéis a tarraingíodh siar agus glacfaidh leis gurb é an chuid eile den iarratas an aighneacht ón iarratasóir sin.
  - Beidh gach iarratasóir freagrach as cibé údaruithe, tarscaoiltí agus/nó slánuithe a sholáthar don Choimisiún a d'fhéadfadh go n-éileodh sé go réasúnach maidir le hábhar a bheidh ina (h)iarratas a nochtadh do dhaoine den phobal.
  - ***An tAcht Iomaíochta 2002 & an tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014.*** Ba cheart go mbeadh iarratasóirí eolach freisin ar théarmaí an Chomhaontaithe Comhair idir an Coimisiún agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, a tugadh i gcrích i dtaca le forálacha Alt 34 d'Acht Iomaíochta 2002. Déanann an comhaontú sin foráil maidir le nochtadh faisnéise, ag an Coimisiún chuig an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, i gcásanna áirithe. Ina theannta sin, agus i dtaca leis an Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014, ba cheart d'iarratasóirí a bheith ar an eolas faoin gceanglas atá ar an gCoimisiún tuarascáil a chur ar fáil gach trí bliana ina mbeidh anailís ar thionchar athruithe úinéireachta agus rialaithe ábhartha ar iolarthacht na meán sa Stát.
  - ***Saoráil Faisnéise:*** Féadfar faisnéis a chur ar fáil don phobal de bharr iarratais faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an bpáirtí leasmhar faoi aon fhaisnéis a fhoilsiú a gcaitear léi mar fhaisnéis rúnda ag tráth na haighneachta, sula ndéanfar cinneadh maidir le haon iarraidh um Shaoráil Faisnéise a gheofar.
  - ***Cosaint Sonraí:*** Cloífidh an Coimisiún lena chuid oibleagáidí faoi Threoir an RGCS, faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus aon dlíthe agus rialacháin infheidhme eile a bhaineann le príobháideacht sonraí. Tá an Coimisiún faoi oibleagáid agus tiomanta do na sonraí pearsanta go léir a chosaint a chuirtear isteach chuig an eagraíocht chun críche a chuid feidhmeanna rialála a chomhlíonadh. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an Coimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ar an gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta ar shuíomh gréasáin an Coimisiún.
  - Tagann aon chomhaontuithe idir an Coimisiún agus páirtithe leasmhara maidir le faisnéis atá rúnda agus/nó íogair ó thaobh tráchtála de gan dochar d'oibleagáidí an Coimisiún faoin dlí, faoin Acht

Coimisiún na Meán

Craolacháin 2009 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Mar sin, ní féidir leis an Coimisiún dearbhú a thabhairt nach nochtfaí faisnéis a n-éilíonn páirtí leasmhar mar fhaisnéis rúnda nó a bpléitear léi mar sin de bhun an dlí.

Coimisiún na Meán

# 3. EOLAS D'IARRATASÓIRÍ

## 3.1 Creat Reachtúil agus Beartais

Áirítear san Alt seo tagairt d'Acht 2009 agus aidhmeanna agus cuspóirí an Choimisiúin.

## 3.2 Limistéar an tSaincheadúnais

Tá sonraí faoin limistéar saincheadúnais san áireamh faoin alt seo.

## 3.3 Measúnú na nIarratas

Leagann an tAlt seo amach an critéir a úsáidtear chun iarratas a mheas agus baineann sé le hAlt 66 d'Acht 2009. Mar threoir d'iarratasóirí, tá na Critéir Reachtúla d'Alt 66 grúpáilte ag an gCoiste faoi cheithre cheannteideal: (1) úinéireacht agus rialú; (2) clársceidealú; (3) stiúideonna agus tarchur; agus (4) anailís margaidh, plean airgeadais agus gnó. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar gach iarratas faoi na ceannteidil seo agus déanfar tagairt do na Critéir Reachtúla.

### 3.3.1 Úinéireacht & Rialú

Is iad seo a leanas, dá réir sin, na forálacha ábhartha faoi Alt 66 d'Acht 2009 maidir le húinéireacht agus rialú:

- Alt 66(2)(a): carachtar, saineolas agus taithí an iarratasóra nó, más comhlacht corpraithe an t-iarratasóir, carachtar, saineolas agus taithí an chomhlachta agus na stiúrthóirí, an bhainisteora, an rúnaí, nó oifigigh eile den tsamhail sin de chuid an chomhlachta sin agus carachtar, saineolas agus taithí na gcomhaltaí den chomhlacht sin agus na ndaoine a bhfuil teideal acu chuig úinéireacht thairbhiúil a scaireanna.
- Alt 66(2)(g): a inmhianaithe atá sé ligean d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici nó acu ar líon as cuimse de sheirbhísí craolacháin fuaime, nó leasanna substaintiúla a bheith aige nó aici nó acu iontu, ar seirbhísí iad a mbeidh conradh craolacháin fuaime arna dheonú faoin gCuid seo ina leith (Cuid 6 d'Acht 2009).
- Alt 66(2)(h): a inmhianaithe atá sé ligean d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici nó acu ar líon as cuimse de sheirbhísí craolacháin fuaime, nó leasanna substaintiúla a bheith aige nó aici nó acu iontu, sa limistéar a bheidh sonraithe san fhógra.
- Alt 66(2)(i): a inmhianaithe atá sé ligean d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici nó acu ar mhéid as cuimse de na meáin chumarsáide, nó leasanna substaintiúla a bheith aige nó aici nó acu iontu, sa limistéar a bheidh sonraithe de réir an fhógra.
- Alt 66(4): ar cháilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe, agus tuairiscí an Choimisiúin.

Cuirfear na critéir seo i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia*, faoi na nithe seo a leanas:

(i) comhdhéanamh Bhord Stiúrthóirí an iarratasóra;
(ii) struchtúr scairsheilbhe an iarratasóra;

(iii) struchtúr bainistíochta an iarratasóra; agus,
(iv) cuntas teiste faoin gceannteideal seo, lena n-áirítear más duine é an t-iarratasóir a bhí ina shealbhóir roimhe sin agus/nó atá ina shealbhóir reatha ar chonradh iontaofa craolacháin fuaime.

### 3.3.2 Clársceidealú

Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha faoi Alt 66 d'Acht 2009 maidir le clársceidealú:

- Alt 66(2)(c): cáilíocht, cineál agus réimse an chlársceidealaithe a bhfuil sé beartaithe ag gach iarratasóir é a sholáthar nó, mura bhfuil ann ach iarratasóir amháin, ag an iarratasóir sin;
- Alt 66(2)(d): cainníocht, cáilíocht, cineál agus réimse na gclár Gaeilge agus an méid clár a bhaineann le cultúr na hÉireann a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar fáil;
- Alt 66(2)(e): an méid a dhéanfaidh an t-iarratasóir, laistigh den tseirbhís craolacháin bheartaithe, deiseanna nua a chruthú do dhaoine a bhfuil buanna acu sa cheol, sa drámaíocht agus sa tsiamsaíocht agus go háirithe i leith chultúr na hÉireann;
- Alt 66(2)(f): a inmhianaithe atá sé réimse seirbhísí a bheith ar fáil sa limistéar saincheadúnais a bheidh sonraithe san fhógra chun freastal ar réimse fairsing spéiseanna, lena n-áirítear spéiseanna mionlaigh
- Alt 66(2)(j): a mhéid a dhéanann an tseirbhís atá beartaithe –
    i. freastal ar phobail áitiúla inaitheanta agus a bhfuil tacaíocht aici ó na leasanna éagsúla sa phobal, nó
    ii. freastal ar phobail chomhleasa.
- Alt 66(2)(k): agus aird ar "*aon nithe eile is dóigh leis an gCoimisiún is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin fuaime a áirithiú*" agus, sa chás seo, ar an méid a thugann clársceidealú tacaíochtaí agus a chuireann sé le straitéisí agus tionscnaimh maidir le hÉagsúlacht, Ionnannas agus Cuimsiú, litearthacht na meán agus inbhuanaitheacht chomhsaoil.
- Alt 66(3): le linn breithniú a dhéanamh ar oiriúnacht iarratasóra i dtaca le dámhachtain conradh craolacháin fuaime chun seirbhís craolacháin fuaime a sholáthar i leith limistéar a chuimsíonn limistéar Gaeltachta, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leanúint agus ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha;
- Alt 66(4): ar cháilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe, agus tuairiscí an Choimisiúin.

Cuirfear na critéir seo i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia*, faoi na nithe seo a leanas:

(i) an Straitéis Chlársceidealaithe, lena n-áirítear straitéisí agus tionscnaimh chun éagsúlacht agus/nó cuspóirí agus ceangaltais inbhuanaitheachta a chur ar fáil;
(ii) ráiteas Beartais ar an gClársceidealú (lena n-áirítear Fealsúnacht Chraolacháin);
(iii) an Clársceidealú táscach; agus
(iv) cuntas teiste más duine é nó í roimhe sin agus/nó ina shealbhóir reatha ar chonradh craolacháin fuaime.

### 3.3.3 Stiúideonna agus Tarchur

Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha faoi Alt 66 d'Acht 2009 maidir le tarchur agus stiúideonna:

- Alt 66(2)(k): agus aird ar *"aon nithe eile is dóigh leis an gCoimisiún is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú"* agus sa chás seo, cur chuige an iarratasóra do bhunú an údaráis agus áiseanna stiúideonna agus tarchurtha a chothabháil i gceart.
- Alt 66(4): ar cháilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe, agus tuairiscí an Choimisiúin.

Cuirfear na critéir seo i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia*, faoi na nithe seo a leanas:

(i) achar ama chun tús a chur le tarchur;
(ii) leordhóthanacht na n-áiseanna stiúideo agus tarchurtha;
(iii) oiriúnacht na dtograí tarchuir; agus
(iv) cuntas teiste más duine é nó í roimhe sin agus/nó ina shealbhóir reatha ar chonradh craolacháin fuaime.

### 3.3.4 Anailís Margaidh, Pleananna Airgeadais agus Gnó

Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha faoi Alt 66 d'Acht 2009 maidir le hanailís mhargaidh agus plean airgeadais agus gnó:

- Roinn 66(2)(b): Leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais a bheidh ar fáil do gach iarratasóir agus an méid a bheidh an t-iarratas ag teacht le dea-phrionsabail ghnó agus eacnamaíochta;
- Alt 66(2)(k): agus aird ar "*aon nithe eile is dóigh leis an gCoimisiún is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin fuaime a áirithiú*" agus sa chás seo, an struchtúr oibríochta, na baill foirne agus ábhair acmhainní.
- Alt 66(4): ar cháilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe, agus tuairiscí an Choimisiúin.

Bainfear úsáid as na critéir seo agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia*, faoi na nithe seo a leanas:

(i) anailís ar an margadh, lena n-áirítear:
   a) áit an mhargaidh mar atá faoi láthair;
   b) an t-éileamh agus an t-ionchas don chineál seirbhíse atá beartaithe;
   c) feidhmíocht bheartaithe na seirbhíse; agus
   d) na straitéisí atá le cur i bhfeidhm chun na réamh-mheastacháin agus lucht éisteachta beartaithe a bhaint amach.

(ii) plean airgeadais agus gnó, lena n-áirítear:
   a) straitéis fhoriomlán airgeadais;

b) na pleananna forbartha airgeadais agus oibríochta atá beartaithe;
c) tograí infheistíochta; agus
d) réamh-mheastacháin airgeadais.

(iii) struchtúr oibríochta, na baill foirne agus tograí acmhainní, lena n-áirítear:
a) líon na mball foirne, stádas fostaíochta, luach saothair agus scéimeanna buntáistí, etc.;
b) caidreamh tionsclaíoch;
c) ionnannas, éagsúlacht agus cuimsiú;
d) oiliúint agus forbairt; agus

e) cuntas teiste más duine é nó í roimhe sin agus/nó ina shealbhóir reatha ar chonradh craolacháin fuaime.

### 3.4 Maitrís Scórála

Aontóidh an Coimisiún maitrís scórála don iarrata(i)s, rud a chuirfear ar fáil tráth a fhógrófar cuireadh chun iarratais a chur isteach de bhun Alt 65(8) d'Acht 2009. Léireoidh na critéir sa mhaitrís scórála na critéir reachtúla ar Alt 66 d'Acht 2009, mar a leagtar amach é in alt 3.3 thuas sa Treoir.

### 3.5 Próiseas Cinnteoireachta

Tugann an tAlt seo sonraí faoin bpróiseas cinnteoireachta a chuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm. Áireofar ar na sonraí:

- Cibé acu éisteachtaí príobháideacha, nó éisteachtaí poiblí nó an dá rud a bheith san áireamh.
- Cibé acu a bheidh gné de cheisteanna scríofa breise san áireamh.
- An bealach a ndéanfaidh an Coimisiún na hiarratais a bhreithniú, lena n-áirítear an mheicníocht scórála agus an bealach a bhfeidhmeoidh sé.
- Conas a dhéantar cinntí i dtaca le conarthaí a bhronnadh a chur in iúl.

### 3.6 Bronnadh Conarthaí

Tagraíonn an tAlt seo do na hidirbheartaíochtaí conartha a tharlaíonn má dhéantar cinneadh chun conradh a bhronnadh. Cuimseofar anseo tagairt don chaoi a mbíonn bronnadh conartha faoi réir théarmaí mionsonraithe an chonartha atá á chomhaontú idir an Coimisiún agus iarratasóir rathúil, agus an t-iarratasóir aon choinníollacha riachtanacha a cheanglódh an Coimisiún le bronnadh an chonartha a chomhlíonadh.

### 3.7 Faisnéis Tacaíochta

Tugtar sonraí sa Roinn seo ar théarmaí ar leith den chonradh craolacháin fuaime lena n-áirítear:

- Téarma an chonartha craolacháin fuaime.
- Riachtanais Scéim Tobhaigh a bhfuil sé de cheangal ar an Coimisiún í a reáchtáil chun costais a íoc a thabhaíonn an Coimisiún.

- Riachtanais an tSuímh Tarchuradóra, lena n-áirítear fadhbanna trasnaíochta amach, paraiméadair tuartha clúdaigh agus an ceadúnas agus rialacháin ComReg.

Coimisiún na Meán

# 4. FORMÁID AN IARRATAIS

Tugtar sonraí sa Chuid seo ar an struchtúr is gá d'iarratasóirí a leanúint agus iad ag comhlánú an iarratais. **Níl san ábhar seo a leanas ach treoir tháscach agus d'fhonn iarratasóirí ionchasacha a chur ar an eolas faoin gcineál, agus faoin méid faisnéise atá ag teastáil agus iarratas á dhéanamh.**

Foilsíonn an Coimisiún Treoir ar Aighneachtaí ar leith le haghaidh gach conartha, a thugann sonraí ar na riachtanais ar leith is gá d'iarratasóirí ionchasacha don chonradh áirithe sin a leanúint. **Sa chomhthéacs seo, is le haghaidh faisnéis ghinearálta amháin atá an t-ábhar seo a leanas agus ní airbheartaítear é a bheith uileghabhálach.**

Is féidir go mbeadh 11 Chuid ag baint le struchtúr Treoir ar Aighneachtaí, mar seo a leanas:

Cuid 1 Innéacs
Cuid 2 Réamhrá an iarratasóra
Cuid 3 Ballraíocht an Iarratasóra
Cuid 4 – Úinéireacht agus Rialú an Iarratasóra
Cuid 5 Clársceidealú
Cuid 6 Stiúideonna agus Oibríochtaí
Cuid 7 Na Tograí Tarchurtha
Cuid 8 Anailís Margaidh
Cuid 9 Plean Airgeadais agus Gnó
Cuid 10 Tús Beartaithe an Chraolacháin
Cuid 11 Achoimre ar Mholtaí

Tá léiriú ar an gcineál faisnéise a lorgaítear faoi gach ceann de na ceannteidil sonraithe anseo thíos.

### Cuid 1 – Innéacs

Cuir isteach Innéacs ina leagtar amach an t-ábhar agus an leagan amach na n-uimhreacha leathanaigh tagartha.

### Cuid 2 – Réamhrá an iarratasóra

Tabhair an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an iarratasóir ("an tIarratasóir"):

a) *Ainm agus sonraí teagmhála an iarratasóra* ***(Duine teagmhála, seoladh, uimhir theileafóin, uimhir facs agus ríomhphost).***
Beidh an conradh craolacháin fuaime ag an Iarratasóir leis an Coimisiún agus ní mór gur eintiteas dlíthiúil aonair é nó í: comhlacht corpraithe nó duine aonair ainmnithe. Ní mór cóip den Deimhniú Corpraithe a chur leis an iarratas sa chás gur comhlacht corpraithe an tIarratasóir.
b) *Príomhtheagmhálaí (Chun críche poiblí)* ***(Duine teagmhála, Seoladh, Uimhir Theileafóin, Uimhreacha Facs agus Ríomhphost).*** **Ainmnigh duine amháin ar a laghad chun déileáil le haon fhiosrúchán preasa nó poiblí.**

c) *Ainm an Stáisiúin atá Beartaithe.*
d) *Cur síos gairid ar Sheirbhís an Chláir.* **Tabhair achoimre in alt gearr amháin ar an gcineál seirbhíse cláir atá beartaithe.**
e) *Liosta Comhairleoirí.* **Sonraigh ainm agus seoladh (i) chomhairleoirí; (ii) iniúchóirí; (iii) dhlíodóirí; agus (iv) bhanc an Iarratasóra.**

## Cuid 3 - Ballraíocht an Iarratasóra

Ainmnigh comhaltaí an Iarratasóra agus tabhair cuntas ar a gcúlra agus a dtaithí.

Léirigh cén uair a cruthaíodh an tIarratasóir, a stádas dlíthiúil agus a sheasamh airgeadais reatha.

## Cuid 4 – Úinéireacht agus Rialú an Iarratasóra

Chun críche an ailt seo, tá feidhm ag na léirmhínithe seo a leanas:

***"Rialú"*** – a fhéadann, de bharr a staid dílsithe, airgeadais nó i dtéarmaí cearta vótála, beartas an chomhlachta i leith aschur clár a shocrú nó a stiúradh; is é sin teacht ar chláir, cláir a léiriú, cláir a sholáthar nó seachadadh na gclár sin chuig an lucht féachana/éisteachta.

***"Leasanna substaintiúla"*** – a fhéadann, de bharr a staid dílsithe, airgeadais nó cumhacht vótála laistigh de chomhlacht nó comhlachtaí ábhartha, tionchar díreach nó indíreach a imirt ar threo straitéiseach nó ar bheartas (beartas eagarthóireachta san áireamh) an chomhlachta (na gcuideachtaí) sin go pointe suntasach i leith aschur clár, is é sin, teacht ar chláir, cláir a léiriú, cláir a sholáthar nó seachadadh na gclár sin chuig an lucht féachana/éisteachta.

***"Meáin Chumarsáide"*** – cuimsíonn gach seirbhís craolacháin (lena n-áirítear seirbhísí craolacháin fuaime) sa Stát agus/nó ardán seirbhísí craolacháin a sholáthar sa Stát (i.e., ábhar cláir a tharchur nó a atarchur trí bhíthin raidiótheileagrafaíocht gan sreang, córas cábla, córas MMD, gléas satailíte nó aon chóras tarchurtha eile), seirbhísí meán closamhairc ar éileamh agus seirbhísí ainmnithe ar líne agus/nó nuachtán, iris nó irisleabhar a fhoilsiú ina mbíonn nuacht agus ráiteas ar chúrsaí reatha.

### 4.1 An Bord Stiúrthóirí

i) Tabhair na sonraí seo a leanas maidir le gach Stiúrthóir:

- Ainm, seoladh baile, aois, náisiúntacht agus slí bheatha reatha;
- Cúlra, meán agus taithí ábhartha eile (i gcomhthéacs na seirbhíse atá beartaithe);
- Leasanna substaintiúla arna sealbhú (go díreach nó go hindíreach) maidir le haon mheán cumarsáide (déan tagairt don léirmhíniú thuas); nó/agus
- Rialú (arna shealbhú go díreach nó go hindíreach) ar aon mheán cumarsáide ar bith (déan tagairt don léirmhíniú thuas).
- Rannpháirtíocht in aon seirbhís craolacháin fuaime lena n-áirítear ainm na seirbhíse, cineál na rannpháirtíochta (i.e., post/ról); agus tréimhse rannpháirtíochta (dáta tosaigh agus dáta imeachta).

ii) Sainaithin na stiúrthóirí neamhspleácha agus léirigh cé acu de na Stiúrthóirí a bheidh, nó a shamhlaítear a bheidh ceaptha mar Chathaoirleach.

iii) Soláthair an fhaisnéis chéanna atá in i) thuas maidir le haon duine eile a bhfuil an tIarratasóir ag smaoineamh ar Stiúrthóir a dhéanamh de nó di.

### 4.2 Struchtúr Scairsheilbhe

i) Tabhair eolas faoi struchtúr scairsheilbhe an Iarratasóra, ag sonrú líon iomlán an scairchaipitil údaraithe agus eisithe, aicme/aicmí na scaireanna (i.e., vótáil, gan ceart vótála, tosaíocht, eile etc.)

ii) Leag amach luach iomlán an stoic iasachta;

iii) Luaigh le do thoil:

(a) Ainm agus seoladh baile scairshealbhóirí uile an Iarratasóra;
(b) Ainm agus seoladh na n-úinéirí tairbhiúla, sa chás go bhfuil scairshealbha in ainm iontaobhais nó ainmní;
(c) Líon iomlán na scaireanna (in aghaidh na haicme, más cuí) agus an praghas eisiúna a shuibscríobh gach scairshealbhóir (lena n-áirítear sonraí faoi aon phréimh a íocadh) agus an céatadán a léiríonn gach scairsheilbh de scairchaipiteal eisithe iomlán an Iarratasóra;
(d) Céatadán na gceart vótála atá ceangailte le gach scairsheilbh mar chéatadán d'iomlán na vótaí is féidir le scairshealbhóirí an Iarratasóra a chaitheamh ag cruinnithe ginearálta;
(e) Méid an stoic iasachta atá suibscríofa ag gach scairshealbhóir;
(f) Más amhlaidh nach bhfuil an tIarratasóir bunaithe go fóill,, léirigh líon, aicme/aicmí agus praghas na scaireanna atá le heisiúint do gach infheisteoir, agus méid an stoic iasachta atá le suibscríobh ag gach infheisteoir.
(g) Comhlánaigh an tábla seo a leanas, é a leathnú más gá, chun na comhlachtaí uile a bhfuil scaireanna ina seilbh nó a bhfuil teideal tairbhiúil acu chun scaireanna, nó a bhfuil cumhachtaí vótála acu, a shroicheann níos mó ná 10% san Iarratasóir ("rannpháirtithe").

| Ainm iomlán >10% rannpháirtí (reatha agus beartaithe) | Líon na scaireanna | Infheistíocht iomlán (€) | Infheistíocht iomlán (%) | % de chearta vótála |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

iv) Sa chás gur comhlacht corparáideach/eintiteas é scairshealbhóir de chuid an Iarratasóra, iarrtar ort ainmneacha, seoltaí agus céatadán na scaireanna atá á sealbhú ag scairshealbhóirí an eintitis sin.

v) Léirigh, le do thoil, maidir le gach ceann de scairshealbhóirí reatha nó molta an Iarratasóra:

(a) Leasanna substaintiúla arna sealbhú (go díreach nó go hindíreach) maidir le haon mheán cumarsáide (déan tagairt don léirmhíniú thuas);

(b) Rialú (arna shealbhú go díreach nó go hindíreach) ar aon mheán cumarsáide ar bith (déan tagairt don léirmhíniú thuas);

(c) Stair airgeadais le déanaí/ stádas airgeadais reatha; agus

(d) Rannpháirtíocht in aon seirbhís craolacháin fuaime lena n-áirítear ainm na seirbhíse, cineál na rannpháirtíochta (i.e., post/ról); agus tréimhse rannpháirtíochta (dáta tosaigh agus dáta imeachta).

vi) Sa chás ina mbeadh comhaontuithe scairshealbhóra nó eilei bhfeidhm cheana nó beartaithe maidir leis an Iarratasóir, tabhair sonraí ar na forálacha dá leithéid de chomhaontú a bhaineann le húinéireacht agus rialú an Iarratasóra i.e., An Bord Stiúrthóirí, aistriú scaireanna agus cearta réamhcheannaigh, cearta breise a bhaineann le haicme scaire, sásanna agus coinníollacha éalaithe atá beartaithe etc.

## 4.3 Struchtúr Bainistíochta

i) Déan cur síos ar struchtúr bainistíochta beartaithe an iarratasóra.

ii) Cuir ar fáil, i dtaca le gach duine de na daoine aonair seo a leanas, nó a c(h)omhionann, ainm iomlán, seoladh baile, aois, cáilíochtaí agus taithí go dtí seo, go háirithe iad sin a bhaineann leis na meáin chraolta:

(a) Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

(b) Ceannaire Clár;

(c) Rialtóir Airgeadais; agus

(d) Oifigeach um Chomhlíonadh.

iii) Sonraigh beartas an Iarratasóra maidir le:

(a) luach saothair na bainistíochta;

(b) conarthaí fostaíochta;

(c) roghanna scaireanna;

(d) pinsin agus sochair; agus

(e) aon fhaisnéis ábhartha eile (airgeadas nó eile).

## 4.4 Carachtar an Iarratasóra

Freagair na ceisteanna seo a leanas "tá" nó "níl", thar ceann an Iarratasóra, lena léiriú, cé acu is comhlacht corparáideach, stiúrthóirí dá chuid, a bhainisteoir, a rúnaí nó oifigeach comhionann eile dá chuid agus aon scairshealbhóirí “suntasacha” dá chuid é an tIarratasóir. Measfar duine a bheith ina scairshealbhóir “suntasach” más úinéir dlíthiúil nó tairbhiúil é/í ar scaireanna san Iarratasóir lena ngabhann deich faoin gcéad (10%) nó níos mó de na cearta vótála infheidhmithe ag cruinniú ginearálta den Iarratasóir. Más "tá" an freagra ar aon cheann de na ceisteanna seo a leanas, tabhair sonraí iomlána:

(i) Ar ciontaíodh an tIarratasóir riamh i gcion lena mbaineann calaois nó mímhacántacht?

(ii) Ar cuireadh srian nó dícháiliú ar an Iarratasóir riamh mar Stiúrthóir Cuideachta, nó ar ciontaíodh é in aon chion faoi Achtanna na gCuideachtaí 2014 sa dlínse seo nó faoi reachtaíocht choibhéiseach in aon dlínse eile?

(iii) Ar breithníodh an tIarratasóir mar fhéimheach riamh, ar tháinig sé dócmhainneach nó an ndearnadh socrú saorálach le creidiúnaithe, nó ar ceapadh glacadóir chuig aon cheann dá shócmhainní, sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?

(iv) An raibh an tIarratasóir riamh ina stiúrthóir ar chuideachta dár ceapadh glacadóir, a chuaigh faoi leachtú éigeantach, leachtú saorálach creidiúnaithe, faoi scrúdaitheoireacht nó a rinne socrú ar bith lena creidiúnaithe nó lena haicme creidiúnaithe?

(v) Ar ciontaíodh an tIarratasóir riamh i gcion faoi reachtaíocht ar bith lena rialaítear an Craolachán agus/nó teileagrafaíocht sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?

(vi) Ar cuireadh ar fionraí nó ar aisghaireadh riamh ceadúnas nó conradh ón Iarratasóir arna eisiúint ag comhlacht ceadúnaithe craolacháin nó ag aon chomhlacht reachtúil ar bith eile?

(vii) An feasach don Iarratasóir aon fháth a bhféadfadh sé nach duine inniúil cóir é nó í ar a bhféadfaí conradh a bhronnadh?

### 4.5 Cuntas Teiste

(i) An raibh conradh craolacháin BAI ag an Iarratasóir roimhe seo?

(ii) An raibh conradh craolacháin BAI ag aon duine atá páirteach sa tseirbhís bheartaithe nó a raibh leasanna substaintiúla aige/aici i seirbhís chraolacháin a soláthraíodh faoi chonradh craolacháin BAI roimhe seo?

(iii) Más “bhí" an freagra ar (i) nó ar (ii) thuas, tabhair na sonraí agus iad ag leathnú an tábla más gá:

| Ainm an eintitis dhlí/ duine | Cineál conartha craolacháin | Ainm agus nádúr de sheirbhís chraolacháin | Dátaí an chonartha |
|---|---|---|---|
| | | | |

## Cuid 5 – Clársceidealú

### 5.1 Straitéis Chlársceidealaithe

Tabhair mionsonraí ar na straitéisí, na tionscnaimh agus na ceangaltais faoi leith a bhfuil sé beartaithe ag an Iarratasóir iad a chur i bhfeidhm maidir le:

(i) Taighde reatha ar chláir agus táirgeadh reatha clár;

(ii) Rialú cáilíochta; lena n-áirítear na caighdeáin chlársceidealaithe a chomhlíonadh atá leagtha amach i gCóid agus Rialacha an Údaráis;

(iii) Seirbhís dhigiteach agus ar líne;

(iv) Éagsúlacht (e.g. éagsúlacht an ábhair[1], éagsúlacht chruthaitheach, ag tacú le tallann éagsúil, le grúpaí agus le spéiseanna mionlaigh, srl.);
(v) Inbhuanaitheacht Timpeallachta (e.g. téamaí inbhuanaithe ar an aer, ag laghdú thionchar na timpeallachta i dtáirgeadh clár, tionscnaimh chomhoibritheacha/líonra, pleananna gníomhaíochta, srl.);
(vi) Tionscnaimh faoi litearthacht ó thaobh na Meán (e.g. tionscnaimh oideachais pobail, forbairt scileanna, cruthaitheacht dhigiteach, srl.); agus
(vii) Stráitéise digiteach/ar líne.

### 5.2 Ráiteas Beartais Cláir

Leagtar amach sa Ráiteas Beartas Clár na gealltanais atá an tIarratasóir sásta a thabhairt don BAI maidir le príomhghnéithe na seirbhíse cláir. Feidhmeoidh sé mar shlat tomhais lena ndéanfar feidhmíocht todhchaí an iarratasóra rathúil a mheas agus a mheasúnú agus, mar sin, beidh sé mar chuid, faoi réir tuilleadh idirbheartaíochta idir an Coimisiún agus an tIarratasóir rathúil, den chonradh idir an Coimisiún agus an tIarratasóir rathúil.

5.2.1 *Fealsúnacht Chraolacháin* Déan cur síos i bhfoirm ráitis ar fhealsúnacht agus fís chraolacháin fhoriomlán an Iarratasóra don tseirbhís raidió.

